C/2025/2724

8.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11896 — CARNIVAL / RCCL / MSC / GBSY JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2724)

1. An 28 Aibreán 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Carnival Corporation ('Carnival', Panama), cuid de Carnival Corporation & plc (Sasana agus an Bhreatain Bheag),

— Royal Caribbean Cruises Ltd. ('RCCL', an Libéir),

— MSC Cruises SA ('MSC Cruises', an Eilvéis), faoi rialú MSC Mediterranean Shipping Company Holding SA (an Eilvéis),

— Grand Bahamas Shipyard Ltd. ('GBSY', na Bahámaí), faoi rialú comhpháirteach Carnival agus RCCL.

Gheobhaidh Carnival, RCCL agus MSC Cruises rialú comhpháirteach ar GBSY de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuid den chuideachta cúrsála domhanda is mó é Carnival, agus tá sé i measc na gcuideachtaí taistil is mó,

— Is cuideachta sealbhaíochta cúrsála domhanda é RCCL agus oibríonn sé turais aigéin faoi thrí bhranda atá faoi lán úinéireacht aige, Royal Caribbean International, Celebrity Cruises, agus Silversea Cruises. Is leis freisin sciar 50 % de chomhfhiontar a oibríonn na brandaí Gearmánacha TUI Cruises agus Hapag-Lloyd Cruises,

— Is cuid de ghnólacht domhanda é MSC Cruises a bhíonn ag gabháil d'iompar agus lóistíocht,

— Is comhfhiontar lánfheidhme atá ann cheana é GBSY agus oibríonn sé saoráid deisithe long i gcalafort Freeport sna Bahámaí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11896 — CARNIVAL / RCCL / MSC / GBSY JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË